CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2021/276 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Feabhra 2021

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2074 ([1]) maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala.

(2) An 12 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1700 ([2]) a rinne na bearta sriantacha a bhí i bhfeidhm, lena n-áirítear gach uile ainmniúchán, a athnuachan go dtí an 14 Samhain 2021.

(3) An 7 Nollaig 2020, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an "tArdionadaí") dearbhú thar ceann an Aontais inar luadh gur leanadh, faraor, de thoghcháin Veiniséala don National Assembly a thionól an 6 Nollaig 2020 gan comhaontú náisiúnta faoi choinníollacha toghchánacha, gur mhainnigh siad na híoschaighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh próiseas inchreidte a chomhlíonadh, agus gur mhainnigh siad muintir Veiniséala a shlógadh chun páirt a ghlacadh iontu. Cuireadh i dtreis sa dearbhú nach bhféadfadh an tAontas a rá, de bharr na heaspa measa seo ar an iolrachas polaitiúil agus de bharr dícháiliú, agus ionchúiseamh, ceannairí freasúra, go raibh an próiseas toghchánach sin inchreidte, cuimsitheach nó trédhearcach, ná go raibh na torthaí ionadaíoch ar thoil mhuintir Veiniséala.

(4) An 6 Eanáir 2021, d'eisigh an tArdionadaí an dara dearbhú thar ceann an Aontais maidir le toghcháin Veiniséala don National Assembly, inar cuireadh i dtreis gurb oth go mór leis an Aontas gur ghlac an National Assembly a shainordú an 5 Eanáir 2021 ar bhonn na dtoghchán neamhdhaonlathach. Léiríodh ann freisin gurb iad na toghcháin don National Assembly a toghadh in 2015 an uair dheiridh a raibh an tsaoirse ag muintir Veiniséala iad féin a chur in iúl i bpróiseas toghchánach. Ar deireadh, luadh sa dearbhú go raibh an tAontas faoi réir chun bearta breise spriocdhírithe a dhéanamh.

(5) An 25 Eanáir 2021, ghlac an Chomhairle Conclúidí maidir le Veiniséala, inar luadh gurb oth go mór leis an Aontas gur deis chaillte don daonlathas a bhí sna toghcháin reachtacha a bhí ann an 6 Nollaig 2020, a reáchtáladh gan comhaontú náisiúnta maidir le coinníollacha toghcháin, agus nár chomhlíon siad na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le próiseas daonlathach. Thairis sin, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá cearta an duine a urramú. Luaigh sí freisin nach bhféadfadh aon bhealach a bheith ann amach as an ngéarchéim pholaitiúil i Veiniséala dá mbeadh eagla ar a saoránaigh go ngabhfaí iad agus go ndéanfaí géarleanúint orthu, lena n-áirítear a dteaghlaigh, as a gcearta agus saoirsí bunúsacha a fheidhmiú.

(6) Léiríodh sna Conclúidí ón gComhairle an 25 Eanáir 2021 go bhfuil an tAontas, i bhfianaise staid chearta an duine, an smachta reachta agus an daonlathais i Veiniséala atá ag dul in olcas, faoi réir chun bearta sriantacha breise spriocdhírithe a ghlacadh i gcoinne na ndaoine sin a bhaineann an bonn den daonlathas nó den smacht reachta agus ina gcoinne siúd atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. Ceapadh na bearta sin chun nach ndéanfaí díobháil do mhuintir Veiniséala agus is féidir iad a aisiompú.

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala (IO L 295, 14.11.2017, lch. 60).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1700 ón gComhairle an 12 Samhain 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala (IO L 381, 13.11.2020, lch. 24).

(7) Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise na staide tromchúisí atá fós ann i Veiniséala, ba cheart 19 nduine a chur ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Feabhra 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

Cuirtear na daoine a leanas ar an liosta de dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus de chomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"37.	Remigio CEBALLOS ICHASO	Dáta breithe: 1 Bealtaine 1963 Uimhir Aitheantais: V-6557495 Inscne: fireann	Ceannasaí ar Operational and Strategic Command of the Bolivarian National Armed Forces of Venezuela (*Comando Estratégico Operacional Fuerzas Armadas Nacionales Bolivarianas* (CEOFANB)), an t-orgán is airde sa Venezuelan Armed Forces, ó mhí an Mheithimh 2017 i leith. Rialaíonn CEOFANB na Bolivarian National Armed Forces (FANB) agus an Bolivarian National Guard. Tá CEOFANB freagrach freisin as idirghábhálacha FANB i léirsithe a chomhordú. Agus é ina cheannasaí ar CEOFANB, freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear forneart iomarcach a bheith á úsáid agus íde mhídhaonna, tháireach á tabhairt ag oifigigh FANB agus ag fo-fhórsaí faoina cheannas, lena n-áirítear an Bolivarian National Guard. Dar le foinsí éagsúla, an Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala ina measc, tá FANB agus an Bolivarian National Guard freagrach as sáruithe ar chearta an duine.	22.2.2021
38.	Omar José PRIETO FERNÁNDEZ	Dáta breithe: 25 Bealtaine 1969 Uimhir Aitheantais: V-9761075 Inscne: fireann	Gobharnóir ar Zulia State ó mhí na Nollag 2017 i leith. Sa phost sin, bhain sé an bonn den daonlathas agus den smacht reachta in Zulia State. Ba é an National Constituent Assembly (ANC), atá neamhaitheanta, a chuir faoi mhionn oifige é, tar éis do bhuaiteoir dlisteanach an toghcháin diúltú do ANC é a chur faoi mhionn oifige. Rinne Omar José Prieto Fernández na toghcháin neamhdhaonlathacha don National Assembly, a tionóladh an 6 Nollaig 2020, a chur chun cinn go gníomhach. Thairis sin, in Zulia State, bhagair sé 'cuairteanna tí' ar cheannairí freasúra agus luaigh sé go ndearbhófaí Zulia State a bheith neamhspleách dá nglacfadh rialtas eatramhach cumhacht faoi stiúir Juan Guaidó.	22.2.2021
39.	José Dionisio BRITO RODRÍGUEZ	Dáta breithe: 15 Eanáir 1971 Uimhir Aitheantais: V-8263861 Inscne: fireann	Comhalta den National Assembly nár toghadh go daonlathach agus cathaoirleach ar an gCoimisiún Parlaiminteach a imscrúdaíonn na 'gníomhartha arna ndéanamh i gcoinne na Poblachta' ag comhaltaí den National Assembly a toghadh in 2015. Thairis sin, ghlac José Dionisio Brito Rodríguez ceannaireacht go neamhdhlisteanach ar an bpáirtí freasúra *Primero Justicia*, de bharr cinneadh a rinne an Supreme Court i mí an Mheithimh 2020. In 2019, díbríodh é ó Primero Justicia, de bharr líomhaintí maidir le héilliú. Thairis sin, mar chomhalta den National Assembly, ghlac sé páirt i dtoghadh neamhdhlisteanach Luis Eduardo Parra Rivero mar Uachtarán ar an National Assembly an 5 Eanáir 2020, rud a bhain an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. Reáchtáladh an toghchán gan chóram tráth ar chuir na póilíní míleata bac ar roinnt parlaiminteoirí a mbealach a dhéanamh isteach sa National Assembly. Dá bhrí sin, bhí ar chomhaltaí an fhreasúra iad féin a eagrú taobh amuigh d'áitreabh an National Assembly chun Juan Guaidó a atoghadh mar Uachtarán air. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala.	22.2.2021

40.	José Bernabé GUTIÉRREZ PARRA	Dáta breithe: 21 Nollaig 1952 Uimhir Aitheantais: V-1565144 Inscne: fireann	Comhalta den National Assembly nár toghadh go daonlathach agus ceannaire neamhdhlisteanach ar an bpáirtí freasúra *Acción Democrática*. D'éirigh le José Bernabé Gutiérrez Parra dul i gceannas, go neamhdhlisteanach, ar an bpáirtí freasúra *Acción Democrática* i mí an Mheithimh 2020 trí rialú ón Supreme Court. De shárú ar sheasamh an pháirtí sula ndeachaigh sé i gceannas air, ghlac Gutiérrez Parra páirt le *Acción Democrática* i dtoghcháin neamhdhaonlathacha an National Assembly a tionóladh an 6 Nollaig 2020. D'athraigh Gutiérrez Parra seasamh an pháirtí, bhain sé leas as siombail an pháirtí agus ghlac sé páirt sna toghcháin agus sna himeachtaí poiblí amhail díospóireachtaí ar an teilifís. Rinne comhaltaí dlisteanacha de chuid *Acción Democrática*, a dúirt gur comhcheilg agus feall a bhí ina chuid gníomhaíochtaí,Gutiérrez Parra a dhíbirt ón bpáirtí. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala.	22.2.2021
41.	Luis Fernando DAMIANI BUSTILLOS	Dáta breithe: 27 Aibreán 1946 Inscne: fireann	Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (*Consejo Nacional Electoral* (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sé leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sé é sin.	22.2.2021
42.	Lourdes Benicia SUÁREZ ANDERSON	Dáta breithe: 7 Márta 1965 Inscne: baineann	Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sí freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (*Consejo Nacional Electoral* (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú aontaobhach cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020. Dá bhrí sin, lena cuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sí leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sí é sin.	22.2.2021
43.	Calixto Antonio ORTEGA RÍOS	Dáta breithe: 12 Deireadh Fómhair 1950 Inscne: fireann	Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (*Consejo Nacional Electoral* (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020. Dá bhrí sin, lena chuid	22.2.2021

			gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sé leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sé é sin.	
44.	René Alberto DEGRAVES ALMARZA	Inscne: fireann	Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (*Consejo Nacional Electoral* (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sé leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sé é sin.	22.2.2021
45.	Arcadio DELGADO ROSALES	Dáta breithe: 23 Meán Fómhair 1954 Inscne: fireann	Breitheamh agus Leas-Uachtarán ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (*Consejo Nacional Electoral* (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sé leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sé é sin.	22.2.2021
46.	Carmen Auxiliadora ZULETA DE MERCHÁN	Dáta breithe: 13 Nollaig 1947 Inscne: baineann	Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sí freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (*Consejo Nacional Electoral* (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú aontaobhach cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020. Dá bhrí sin, lena cuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sí leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sí é sin.	22.2.2021

47.	Indira Maira ALFONZO IZAGUIRRE	Dáta breithe: 29 Aibreán 1968 Áit bhreithe: La Guaira (La Guaira State, Venezuela) Uimhir Aitheantais: V-6978710 Inscne: baineann	Cathaoireach ar an National Electoral Council (*Consejo Nacional Electoral* (CNE)) ón 13 Meitheamh 2020 i leith. Iarchomhalta den Electoral Chamber agus den Plenary Chamber den Supreme Court (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)), an Dara Leas-Chathaoirleach ar TSJ ó 2015 go dtí an 24 Feabhra 2017, Leas-Chathaoirleach ar TSJ ón 24 Feabhra 2017 go dtí an 12 Meitheamh 2020. Mar chomhalta den Electoral Chamber de TSJ, tá Indira Maira Alfonzo Izaguirre freagrach as na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcoinne an National Assembly a bhí nuathofa ag an am i mí na Nollag 2015, arb é ba thoradh leo nárbh fhéidir leis an National Assembly a chumhacht reachtach a fheidhmiú. Thairis sin, ghlac sí lena ceapachán mar chathaoirleach ar CNE i mí an Mheithimh 2020, ceapachán a rinne TSJ cé gurb é sin saincheart an National Assembly. Sa ról sin, d'eagraigh sí agus mhaoirsigh sí toghcháin neamhdhaonlathacha an National Assembly a tionóladh an 6 Nollaig 2020 agus ghlac sí páirt san athrú a rinneadh, an 30 Meitheamh 2020, ar na noirm thoghchánacha do na toghcháin sin. Dá bhrí sin, lena cuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala.	22.2.2021
48.	Leonardo Enrique MORALES POLEO	Inscne: fireann	Leas-Uachtarán ar an National Electoral Council *(Consejo Nacional Electoral* (CNE)) ón 7 Lúnasa 2020 i leith agus Uachtarán ar an Political Participation and Financing Commission. Cheap an Supreme Court (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)) Leonardo Enrique Morales Poleo ina Leas-Uachtarán ar CNE agus ina Uachtarán ar an Political Participation and Financing Commission an 7 Lúnasa 2020 cé gurb é sin saincheart an National Assembly. Thairis sin, díreach sular ceapadh é, bhí sé sa Advanced Progressive Party (*Avanzada progresista)*. Mar chomhalta de CNE, ghlac sé páirt iomlán i maoirsiú an phróisis thoghchánaigh as a d'eascair toghcháin neamhdhaonlathacha an National Assembly an 6 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala.	22.2.2021
49.	Tania D'AMELIO CARDIET	Dáta breithe: 5 Nollaig 1971 Áit bhreithe: an Iodáil Náisiúntacht: Veiniséalach Uimhir Aitheantais: V-11691429 Inscne: baineann	Comhalta (Reachtaire) den National Electoral Council (*Consejo Nacional Electoral* (CNE)) don tréimhse 2016-2023. Iarchomhalta (Reachtaire) de CNE don tréimhse 2010-2016. Rannchuidigh Tania d'Amelio Cardiet go díreach, trína cuid gníomhaíochta sna feidhmeanna a bhí aici mar reachtaire ar an CNE ó 2010 i leith, leis an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí thoghcháin neamhdhaonlathacha an National Assembly in 2020, trí pháirt a ghlacadh san athrú a rinneadh, an 30 Meitheamh 2020, ar na noirm thoghchánacha do na toghcháin sin, agus trí pháirt a ghlacadh in eagrú agus i gcur i ngníomh thoghcháin uachtaránachta 2018. Thairis sin, ghlac Amelio Cardiet lena ceapachán ag CNE in 2016, ceapachán a rinne an Supreme Court (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)), cé gurb é sin saincheart an National Assembly.	22.2.2021
50.	José Miguel DOMÍNGUEZ RAMÍREZ	Dáta breithe: 17 Deireadh Fómhair 1979 Uimhir Aitheantais: V-14444352 Inscne: fireann	Stiúrthóir ar na Special Action Forces (*Fuerzas de Acciones Especiales* (FAES)) ón 6 Bealtaine 2019. Iar-Phríomh-Choimisinéir ar FAES in Táchira State. Ina theannta sin, bhí José Miguel Domínguez Ramírez mar Stiúrthóir Oibríochtaí ar FAES, a thagann faoin Bolivarian National Police de chuid Veiniséala. Freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala a rinne oifigigh FAES. Tá FAES	22.2.2021

			aitheanta as maruithe seachbhreithiúnacha agus as a ról foréigneach maidir le heasaontú freasúróirí polaitiúla, an freasúra agus agóideoirí a chur faoi chois, rud a d'fháig gur éiligh Michelle Bachelet, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, go ndéanfaí FAES a dhíscaoileadh. Thairis sin, roimhe seo, bhí Domínguez Ramírez ina chomhalta d'fhoireann slándála Veiniséala a thosaigh ag scaoileadh ar agóideoirí mac léinn an 12 Feabhra 2014, rud a d'fháig go bhfuair mac léinn amháin ar a laghad, Bassil Da Costa, bás.	
51.	Carlos Ramón Enrique CARVALLO GUEVARA	Uimhir Aitheantais: V-10132041 Inscne: fireann	Rannán-Ghinearál, agus Leas-Stiúrthóir an Military Counter-Intelligence (*Dirección General de Contrainteligencia Militar* (DGCIM)) ón 21 Lúnasa 2020 i leith. Comharba an Ghinearáil Rafael Ramón Blanco Marrero. Roimhe seo, bhí Carlos Ramón Enrique Carvallo Guevara ar fiannas le DGCIM i réigiún Los Andes, agus bhí post uaschéime aige sa Bolivarian National Guard. Freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Veiniséala a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sna torthaí a d'fhoilsigh an Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala le déanaí, cuirtear síos ar DGCIM mar institiúid atá freagrach go díreach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.	22.2.2021
52.	Jesús Emilio VÁSQUEZ QUINTERO	Uimhir Aitheantais: V-7422049 Inscne: fireann	Rannán-Ghinearál ón 5 Iúil 2019 i leith agus Ard-Aighne an Military Prosecutor's Office ó mhí na Nollag 2017 i leith. Freagrach, agus é ina Ard-Aigne ar an Military Prosecutor's Office, as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. Luaitear an Military Prosecutor's Office le hionchúiseamh breithiúnach inmheánach sna Armed Forces, agus le mainneachtain a dhéanamh teagmhais a imscrúdú, lena n-áirítear cás bhás chaptaen Acosta in 2019. Thairis sin, tá ceartas míleata á chur i bhfeidhm ar shibhialtaigh.	22.2.2021
53.	Carlos Enrique TERÁN HURTADO	Uimhir Aitheantais: V-8042567 Inscne: fireann	Briogáidire-Ghinearál ón 5 Iúil 2019 i leith agus ceann ar an Special Directorate of Criminal Investigation of the Directorate-General of Military Counter-Intelligence (*Dirección General de Contrainteligencia Militar* (DGCIM)) ó 2019 i leith. I bhfeidhmeanna roimhe seo, bhí an Briogáidire-Ghinearál Carlos Enrique Terán Hurtado ina cheann ar na póilíní in Falcón State agus ina cheann ar DGCIM in Táchira State. Freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear íde chruálach mhídhaonna ar choinneálaithe, a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sna torthaí mionsonraithe ón Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala, luaitear go sonrach go bhfuil an Briogáidire-Ghinearál Terán Hurtado ar cheann de na gníomhaithe freagracha, agus go bhfuil baint aige le cás chaptaen de la Sotta.	22.2.2021

54.	Manuel Eduardo PÉREZ URDANETA	Dáta breithe: 29 Nollaig 1960 nó 26 Bealtaine 1962 Áit bhreithe: Cagua, State of Aragua Uimhir Aitheantais: V-6357038 Uimhir Phas: 001234503 (dulta in éag in 2012) Inscne: fireann	Leas-Aire Gnóthaí Baile agus Dlí agus Cirt ón 7 Aibreán 2015 i leith. Tá an Briogáidire-Ghinearál Manuel Eduardo Pérez Urdaneta ar cheann den chúigear Leas-Airí laistigh den Ministry of the Interior and Justice de chuid Veiniséala. Faoina chúram, cuimsítear an tSlándáil Choisctheach agus an tSábháilteacht Phoiblí (*Viceministro de prevención y Seguridad Ciudadana*). Roimhe seo, bhí an Briogáidire-Ghinearál Pérez ina Stiúrthóir ar an Bolivarian National Police. Freagrach, sa ról sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear forneart trom fisiciúil a úsáid i gcoinne agóideoirí síochánta, a rinne oifigigh den Bolivarian National Police a bhí faoina údarás.	22.2.2021
55.	Douglas Arnoldo RICO GONZÁLEZ	Dáta breithe: 28 Meán Fómhair 1969 Uimhir Aitheantais: V-6864238 Inscne: fireann	Stiúrthóir ar an Scientific, Penal, and Criminal Investigation Corps (*Cuerpo de Investigaciones Científicas, Penales y Criminalísticas* (CICPC)) ón 5 Feabhra 2016 i leith. Roimhe sin, bhí sé ina leas-stiúrthóir ar CICPC. Freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Veiniséala a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sa tuarascáil ón Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala, cuirtear síos ar CICPC mar institiúid a dhéanann sáruithe córasacha ar chearta an duine i Veiniséala.	22.2.2021”